# An Eoraip agus a cuid institiúidí




## Ainmneacha cosúla – an aithníonn tú óna chéile iad?

COUNCIL OF EUROPE

CONSEIL DE L'EUROPE



# COMHAIRLE NA hEORPA

Is eagraíocht idir-rialtais í **Comhairle na hEorpa** a bhfuil a ceanncheathrú in Strasbourg. Tá 46 tír san Eoraip ina mballstát de Chomhairle na hEorpa, agus déantar ionadaíocht ar níos mó ná 700 milliún saoránach. Is é a ról an daonlathas a chur chun cinn agus cearta an duine agus riail an dlí a chosaint san Eoraip.

Is é an **Coiste Airí** comhlacht cinnteoireachta feidhmiúcháin Chomhairle na hEorpa. Airí gnóthaí eachtracha na mBallstát, nó a mbuanionadaithe taidhleoireachta in Strasbourg, a bhíonn ar an gCoiste. Cinneann sé polasaí na hEagraíochta, faomhann sé a buiséad agus a clár gníomhaíochtaí, agus déanann sé scrúdúar fhorghníomhú bhreithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

Is é an **Tionól Parlaiminteach** comhlacht breithniúcháin Chomhairle na hEorpa. Tugtar le chéile ionadaithe tofa ón 46 parlaimint náisiúnta ann, agus is é a thionscain go leor de choinbhinsiúin na hEagraíochta, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Tagann sé le chéile Strasbourg ceithre huaire sa bhliain.

Tá an **Chomhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha na hEorpa** freagrach as an daonlathas áitiúil agus réigiúnach a neartú i 46 ballstát Chomhairle na hEorpa. Tugtar le chéile 612 oifigeach tofa ann, a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná 150 000 údarás áitiúil agus réigiúnach.

Is institiúid neamhspleách laistigh de Chomhairle na hEorpa é an **Coimisinéir um Chearta an Duine**. Is é ról an Choimisinéara feasacht agus meas ar chearta an duine a chur chun cinn i 46 ballstát na hEagraíochta.

Tá an **Chúirt Eorpach um Chearta an Duine** bunaithe Strasbourg agus cinntíonn sí go gcomhlíontar an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine sa 46 ballstát. Is féidir le daoine aonair agus stáit cásanna a chur faoi bhráid na Cúirte. Bíonn a breithiúnais ceangailteach ar na stáit lena mbaineann siad.

Is conradh idirnáisiúnta de chuid Chomhairle na hEorpa é an **Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine** a glacadh in 1950. Cinntíonn sé cearta bunúsacha, sibhialta agus polaitiúla ní hamháin do na náisiúnaigh ar fad sa 46 ballstát, ach do dhuine ar bith atá faoina ndlínse



# AN tAONTAS EORPACH

Tá 27 tír san **Aontas Eorpach**. Tharmlig siad cuid dá gceannasacht don eagraíocht ionas gur féidir leis cinntí daonlathacha a dhéanamh, ar an leibhéal Eorpach, faoi ábhar comhleasa.

Is iad cinn stáit nó rialtais na mballstát agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh a chuimsíonn an **Chomhairle Eorpach**. Leagann sí amach príomhthosaíochtaí an Aontais Eorpaigh.

Tá **Comhairle an Aontais Eorpaigh** freagrach as gníomhaíochtaí ginearálta na heagraíochta a chomhordú. I dteannta Pharlaimint na hEorpa, tá feidhm reachtach aici agus glacann sí buiséad an Aontais. Bíonn airí ón earnáil ábhartha ghníomhaíochta inti.

Cuimsíonn **Parlaimint na hEorpa** comhaltaí a thoghtar trí vótáil chomhchoiteann dhíreach a dhéanann saoránaigh an Aontais Eorpaigh. Tá a ceanncheathrú in Strasbourg. Tionóltar cruinnithe coiste agus seisiúin iomlánacha bhreise áirithe sa Bhruiséil. Roinneann sí a cumhachtaí reachtóireachta agus buiséid le Comhairle an Aontais Eorpaigh.

Is é **Coiste Eorpach na Réigiún** tionól ionadaithe réigiúnacha agus áitiúla an Aontais Eorpaigh. Bíonn 329 comhalta ann, ionadaithe tofa ó réigiúin agus cathracha i 27 tír an Aontais Eorpaigh.

Is comhaltaí den Choimisiún Eorpach, comhlacht feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh, iad na **Coimisinéirí Eorpacha**. Bíonn 27 Coimisinéir (duine in aghaidh an bhallstáit) ag an gCoimisiún, atá lonnaithe sa Bhruiséil. Molann an Coimisiún dlíthe na hEorpa agus cuireann i bhfeidhm iad, bainistíonn sé an buiséad, déanann sé monatóireacht ar chonarthaí agus cinntíonn sé bainistíocht an Aontais Eorpaigh ó lá go lá.

Tá **Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lonnaithe** in Lucsamburg. Cinntíonn sí forfheidhmiú dhlí an Aontais Eorpaigh, agus féadfaidh cúirteanna náisiúnta iarraidh uirthi tuairim a thabhairt.

Sa bhliain 2000, glacadh **Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais** de chuid an Aontais Eorpaigh a phléann le cearta an duine agus cearta bunúsacha.

***An raibh a fhios agat?***

Ghlac na Náisiúin Aontaithe Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine in 1948 chun cosaint chearta an duine a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta. Is í an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta comhlacht breithiúnach na Náisiún Aontaithe. Tá a ceanncheathrú sa Háig.




## Bratach chomhroinnte

Roghnaigh Comhairle na hEorpa an bhratach in 1955 agus ghlac an tAontas Eorpach í in 1985. Is siombail chomhroinnte anois í den lánpháirtíocht Eorpach, gan baint shonrach a bheith aici le haon institiúid amháin ar bith.

PREMS 066224

GLE

**www.coe.int**

Is í Comhairle na hEorpa an phríomheagraíocht a phléann le cearta an duine ar an mór-roinn. Tá 46 mballstát aici, lena n-áirítear gach mballstát den Aontais Eorpaigh. Tá gach ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa tar éis an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a shíniú, conradh a ceapadh chun cearta an duine, daonlathas agus forlámhas an dlí a chosaint. Déanann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine maoirseacht ar fheidhmiú an Choinbhinsiúin sna Ballstáit.

COUNCIL OF EUROPE

CONSEIL DE L'EUROPE